


Réamhchoinníoll tábhachtach is ea rannpháirtíocht chothrom ban agus fear sa pholaitíocht chun daonlathas éifeachtach agus dea-rialachas a chinntiú. Taobh amuigh den chóras daonlathach a neartú agus a fheabhsú, is iomaí iarmhairt eile dhearfach a bhíonn i gceist don tsochaí nuair a bhíonn níos mó ban páirteach sa chinnteoireacht pholaitiúil, iarmhairtí a d'fhéadfadh cabhrú saol na mban agus na bhfear a fheabhsú. Áirítear ar na tairbhí sin, sochaí níos cothroime agus rialachas níos cuimsithí, caighdeán mhaireachtála níos airde, forbairt chuí ar chúrsaí oideachais, sláinte agus bonneagair, agus laghdú ar chaimiléireacht pholaitiúil.

Dul chun cinn mall ach de réir a chéile déanta ag mná

Le deich mbliana anuas, tá mná ag fáil cion níos mó de na poist cheannaireachta in institiúidí polaitiúla agus sa riarachán poiblí ar fud AE. Taispeántar sa ghráf thíos an dul chun cinn atá déanta ó 2003 i leith ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach.



Figiúr 1 — Feabhsúcháin ar chothromaíocht inscne sa pholaitíocht in AE-28, 2003-2015



An lámh in uachtair ag na fir ar na páirtithe polaitíochta

Mná ar an imeall i ngréasáin neamhfhoirmiúla

Fir atá i gceannas ar an gcuid is mó de na páirtithe polaitíochta in AE, faoi mar a léiríonn tuarascáil EIGE maidir le comhionannas inscne sa chumhacht agus sa chinnteoireacht (2015). Léiríonn an tuarascáil nár mhná iad ach 13 % de na ceannairí agus 33 % de na leascheannairí ar na mórfháirtithe polaitíochta ar fud AE in 2014. Tá tábhacht ar leith ag baint le líonraí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla chun na poist is tábhachtaí a fháil, tacaíocht an pháirtí a choimeád agus athruithe beartais a chur i ngníomh. Is iad na fir is mó a bhíonn ag cothú caidreamh neamhfhoirmiúil lasmuigh de na huaireanta oibre. Dá bhrí sin, i réimsí ina bhfuil na fir i gceannas, cuireann na líonraí sin le ceannas agus ceannaireacht na bhfear a bhuanú (tuarascáil EIGE maidir le Cothromaíocht inscne sa chumhacht agus sa chinnteoireacht).

Steiréitíopaí inscne ag cur bac ar mhná na poist is fearr a fháil


Is constaic roimh an ionadaíocht chothrom i gcónaí iad steiréitíopaí inscne agus an cultúr inmheánach i gcuid mhór de na páirtithe polaitíochta inar choitianta iad stíleanna ceannaireachta “fearúla”. Léiríonn an stair gur

ag na fir is mó a bhíonn na poist cheannaireachta. Na tréithe agus na scileanna a mbítear ag súil leo ó cheannairí — a bheith teanntásach, ceannasach, chomh maith le smaointeoireacht réasúnach — is iondúil gur tréithe a cheaptar a bheith fearúil iad, agus ar an gcúis sin, is minic a dhéantar ceangal idir fir agus an cheannasaíocht. Tá steiréitíopaí inscne le feiceáil chomh maith agus airí á gceapadh agus oifigigh á n-earcú i bpoist shinsearachta sna haireachtaí. I lámha na bhfear a bhíonn na haireachtaí a bhfuil mar chúram orthu bunfheidhmeanna an Stáit ar nós cosaint, ceartas agus beartas eachtrach; maidir leis na mná, is in aireachtaí lena mbaineann feidhmeanna soch-chultúrtha is mó a cheaptar iad, rud a dhaingníonn an dearcadh gur fóirsteanaí na mná chun ról i réimsí ar nós an oideachais, na sláinte agus an chultúir.

Páirtithe polaitíochta ag tabhairt droim láimhe do mhná

Tá ról tábhachtach ag na páirtithe polaitíochta chun líon agus cáilíocht na ndeiseanna do mhná chun páirt a ghlacadh i bpolaitíocht an pháirtí a shocrú. Tá deiseanna na mban chun poist cheannaireachta a fháil i lámha na bpáirtithe polaitíochta agus lucht an pháirtí a rialaíonn na próisis roghnúcháin agus cead isteach. Anuas air sin, is iad na páirtithe polaitíochta a shocraíonn ord na liostaí toghcháin, gearrliostaí na dtoghcheantar agus struchtúir an pháirtí. Ar na cúiseanna sin, is minic a thugtar “geatóirí” ar na páirtithe polaitíochta.

Figiúr 2 — Cionroinnt na mban i bparlaimintí náisiúnta inar baineadh leas as cuótaí in AE-28, 2003-2015



Céard atá á dhéanamh chun cothromaíocht inscne a fheabhsú?

Tá dlús curtha ag roinnt Ballstát AE lena dtiomantas i dtaobh cothromaíocht inscne sa chinnteoireacht pholaitiúil trí chuótaí éigeantacha nó saorálacha inscne a thabhairt isteach chun cothromaíocht inscne a chothú sa pholaitíocht agus spriocanna a thabhairt isteach maidir le cothromaíocht inscne agus iarrthóirí á roghnú. Léiríonn torthaí taighde EIGE gurb iad na Ballstáit ina bhfuil cuótaí ceangailteacha nó saorálacha i bhfeidhm iad na Ballstáit ina bhfuil an méadú is follasaí in ionadaíocht pholaitiúil na mban le feiceáil ó 2003 i leith. Léiríonn na figiúirí gur tháinig méadú 10 % ar líon na mban sna Parlaimintí, agus gur mhná iad 29 % de na feisirí parlaiminte in 2014. I dtíortha gan chuóta, bíonn an ionadaíocht ban agus 27 %, sin mionmhéadú ar an meán le deich mbliana anuas. Níl sna cuótaí ach beart amháin chun cothromaíocht inscne a fheabhsú. Agus ní leor iad, astu féin. Tá gá ann le bearta eile cosúil le díospóireacht phoiblí, feachtais, monatóireacht rialta agus clár iomlánaíochta chun níos mó ban a mhealladh chun na polaitíochta.

Dea-chleachtais chun ról na mban sa chinnteoireacht pholaitiúil a threisiú

Tá sraith dea-chleachtais aitheanta ag EIGE chun mná a chumhachtú agus na scileanna cuí a thabhairt dóibh chun dul i mbun gairm réime sa pholaitíocht i dtimpeallacht níos ilchineaí agus níos ionadaíche.

Bearta agus tionscnaimh spriocdhírthe: Tá fianaise ann go ndéantar rannpháirtíocht ban a mhéadú trí

bhearta dlíthiúla ceangailteacha nó saorálacha, ar bearta iad a chuireann na páirtithe polaitíochta i ngníomh. Tá sé tábhachtach go mbeadh raon leathan dreasachtaí spriocdhírthe ann, cosúil le díospóireacht phoiblí, múscailt feasachta agus cleachtais níos trédhearcaí earcaíochta agus forbartha gairme chun dul chun cinn a dhéanamh.


Monatóireacht rialta: Tá sé tábhachtach cuntas a choinneáil ar fhorbairtí agus measúnú a dhéanamh ar na tionscnaimh a éiríonn leo, nó nach n-éiríonn leo. Cuidíonn Bunachar Sonraí Staitisticí Inscne de chuid EIGE le monatóireacht toisc go dtugtar rochtain leis ar shonraí gnéas-imdhealaithe atá inchomparáide do Bhallstáit uile AE.

Táirgeann EIGE tuarascálacha ar bhonn rialta a imscrúdaíonn réimsí éagsúla den Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (BPfA), ar iarratas ó uachtaránachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh. I measc na dtuarascálacha is déanaí ná:

- Comhionannas inscne i gcumhacht agus sa chinnteoireacht (2016);
- Bearna inscne i bpinsin in AE (2015);
- Comhionannas inscne agus neamhspleáchas eacnamaíochta: obair pháirtaimseartha agus féinfhostaíocht (2014).

Is féidir gach tuarascáil agus foilseachán BPfA de chuid EIGE roimhe seo a fhiosrú ag <http://eige.europa.eu/monitoring-the-bpfa>

Figiúr 3 — Cionroinnt na mban i parlaimintí náisiúnta inar baineadh leas as cuótaí in AE-28, 2003-2015



Foinse: An Coimisiún Eorpach, Bunachar Sonraí maidir le Mná agus Fir sa Chinnteoireacht, QuotaProject, ar fáil ag: <http://www.quotaproject.org/>; Krook, 2009; Thames and Williams, 2013.

Rannpháirtíocht ban óg: Mura mealltar tuilleadh ban óg isteach i saol na polaitíochta, ní chuirfear deireadh leis an ngannionadaíocht ban in oifig thofa. Is féidir meantóireacht, cúrsaí oiliúna, feachtais phoiblí agus líonrú proifisiúnta difear mór a dhéanamh chun níos mó ban a spreagadh chun seasamh i dtoghcháin agus fáil réidh le haghaidh gairm réime sa pholaitíocht.



Maidir le parlaimintí atá íogaireach d'inscne

Parlaimintí a chothaíonn timpeallacht oibre cumhachtaithe do mhná agus atá saor ó chiapadh agus cleachtais idirdhealaitheacha, is féidir leo tacaíocht a thabhairt do níos mó ban chun dul i mbun polaitíochta go gníomhach. Tá EIGE ag forbairt uirlis idirghníomhach a chuidíonn chun “íogaireacht inscne”

Cothromaíocht inscne: Meastar go forleathan gur cóimheas inghlactha é 40/60.

Paireacht inscne: Coincheap uimhriúil dá dtagraítear go minic mar chóimheas 50/50.

Tairseach chriticiúil: Nuair a bhíonn ionadaíocht de 30 % ar a laghad de mhná nó fir i bpoist chinnteoireachta

Foinse: Equality Glossary and Thesaurus
<http://eige.europa.eu/rdc/thesaurus>

na hinstitiúide polaitíochta a thomhas. Déanann an uirlis scrúdú ar bhonn sraith critéir, ó chórais toghcháin go coinníollacha oibre sa pharlaimint. Ach na bacainní atá roimh mhná mar pholaiteoirí ag gach céim dá ngairm réime a scrúdú, cabhróidh an uirlis nua leis na hinstitiúidí chun cleachtais idirdhealaitheacha a aithint agus bearta a fhorbairt chun dul i ngleic leo.

Tosaíochtaí beartais AE






Cuirtear dlús leis an Straitéis um Chomhionannas Inscne de chuid an Choimisiúin Eorpaigh 2016-2019 le tiomantas AE i dtaobh comhionannas idir mná agus fir sa chinnteoireacht. Sonraítear cur chun cinn an chomhionannais inscne sa chinnteoireacht ar cheann de na réimsí tosaíochta. Sa doiciméad sin, tugtar breacchuntas ar ghníomhaíochtaí chun sonraí faoi mhná agus fir i bpoist thábhachtacha cinnteoireachta a bhailiú agus a scaipeadh, i ndlúthchomhar le EIGE.

Dearbhaítear leis an gComhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne 2011-2020 tiomantas na Comhairle do chomhionannas inscne, agus é mar shainchuspóir aige “chumhachtú ban a chur chun cinn sa saol polaitiúil agus eacnamaíoch”.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais AE maidir le comhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartais agus gach institiúid ábhartha lena gcuid iarrachtaí chun comhionannas idir mná agus fir a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ar fáil trí shaineolas agus sonraí inchomparáide agus iontaofa maidir le comhionannas inscne a chur ar fáil san Eoraip.

Tuilleadh faisnéise:

<http://eige.europa.eu> 
[facebook.com/eige.europa.eu](https://www.facebook.com/eige.europa.eu) 
twitter.com/eurogender 
[youtube.com/eurogender](https://www.youtube.com/eurogender) 
eige.sec@eige.europa.eu 
+370 52157444 